

PLÉARÁCA '13

Foilsithe ag Pléaráca Teo. ar ócáid na Féile

€4



Clár na Féile

Seal Faoi
Dhraíocht in
Inis Oírr

Mná le Chéile

Mise agus Inis
Oírr

Scríbhneoirí
Óga

Grianghraif &
go leor eile



Guíonn

Oireachtas na Gaeilge

gach rath

ar

Fhéile Phléaráca Chonamara

Bí linn i gCill Airne d'Oireachtas na Samhna i mbliana,

29 Deireadh Fómhair - 3 Samhain 2013

Beidh na múrtha fáilte romhat!

GACH EOLAS

OIFIG AN OIREACHTAIS, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire

Fón: + 353 1 475 38 57 Facs: + 353 1 475 87 67

Ríomhphost: eolas@antoireachtas.ie | [dirlíon: www.antoireachtas.ie](http://www.antoireachtas.ie)

Faigheann Oireachtas na Gaeilge deontas ó

Foras na Gaeilge

Buíochas

Eagarthóir:

Anna Ní Fhlatharta

Fógraíocht:

Anna Ní Fhlatharta

Buíochas do na daoine seo a scríobh píosaí don iris, a rinne agallamh, a thug grianghraif agus a chabhraigh le réiteach na h-irise:

Máire-Áine Ní Mháille
Mattie Ó Niaidh
Jackie Mac Donncha
Máirín Mhic Lochlainn
Mairéad Ní Ghallchóir
Máire Uí Mhaoláin
Paddy Crowe
Caitlín Ní Chonghaile
Meta Uí Mháille

Buíochas do Pheigí Ní Chonghaile agus Máire Ní Chualáin a rinne obair cheartúcháin.

Sí Mairéad Ní Chonaire a rinne an leagan amach shlachtmhar ar an iris.

Caomhán Ó Scolaí a rinne an postaer agus clár na féile a dhearadh.

Tá muid fíor-bhuíoch do na fógróirí. Is fiú tacaíocht a thabhairt dóibh.

Coiste Féile Phléaráca:

Jackie Mac Donncha
Máire Ní Chualáin
Briocán Bairéad
Peigí Ní Chonghaile
Mairéad Ní Chualáin
Rosaleen Ní Shúilleabháin
Mattie Ó Niaidh
Gearóid Ó Murchú

Réamonn Ó Mainín
Máirín Mhic Lochlainn
Anna Ní Fhlatharta
Máire Áine Ní Mháille

Buíochas do:

Mairéad Ní Ghallchóir & Áras Éanna
Seosamh Mac Donnacha
Gearóid & Pádraig Ó Dubháin
Éanna Mac Cába
Graham Wells
Tomoyo Sugai
Austin Durack
Eimear Ní Chualáin
Patricia Ní Fhatharta
Colm de Bhaldrathe
Nuala Ní Fhlathúin
Muireann Ní Dhroighneáin
Dara Ó Conaola
Mairéad Pól
Micheál Ó hAlmhain
Tigh Ned
Tigh Ruairí
Óstán Inis Oírr
Comhar Caomhán
Scoil Chaomhán
Coláiste Ghobnait

Buíochas do na ceoltóirí, amhránaithe, damhsóirí, ealaíontóirí, lucht ceardaíochta, áisitheoirí, agus na fir & mná tí ar na h-imeachtaí.

Buíochas d'Urraithe na Féile:

Ealaín na Gaeltachta & Comhairle Contae na Gaillimhe

Buíochas do Raidió na Gaeltachta as ucht a gcúnamh le poiblíocht.




Clár na hIrise

- 3 Eagarfhocal
- 5 Seal Faoi Dhraíocht in Inis Oírr i 1973
Mattie Ó Niaidh
- 8 Gaol ar Oileán
Máirín Mhic Lochlainn
- 9 Scléip na Féile 2012
- 12 Áras Éanna
Mairéad Ní Ghallchóir
- 13 Mise agus Inis Oírr
Máire Uí Mhaoláin
- 18 Imeachtaí Phléaráca - Grianghraif
- 20 Comhar Caomhán, Inis Oírr
Paddy Crowe
- 21 Clár na Féile
- 22 Imeachtaí na Féile
- 26 Cleas Teoranta
Caitlín Ní Chonghaile
- 28 Ní Fheicfidh Tú É Seo Sna Meáin
- 32 Mná le Chéile
Máire Uí Mhaoláin
- 34 Clár Litríochta & Drámaíocht don Óige
- 37 Christchurch
Meta Uí Mháille

Taifeadadh:
Ní mhór cead a fháil roimhré le aon taifeadadh proifisiúnta fise nó fuaime a dhéanamh de imeachtaí ar bith do chuid Phléaráca Chonamara.

Grianghraif clúdach: Anna Ní Fhlatharta



T. Ó Máille Teo

Ros Muc 091-574101

Grósaer

Crua-earraí

Soláthraí Tógálaithe

Éadathóireacht



Gach rath ar
obair Phléaráca ar feadh na bliana

Bank of Ireland



CALOR Gas

POST



Eagarfhocal

Tá sé ina phléaráca arís agus sinn ag déanamh ár mbealach chuig Inis Oírr d'Fhéile Phléaráca Chonamara 2013. Is í seo an 23ú féile atá reachtáilte ag Pléaráca ach is é an chéad uair againn ag tabhairt na féile go Inis Oírr.

Tríd na blianta bhí an-cheangal ag Pléaráca le hOileáin Árann, idir bheith tabhairt geamaireachtaí ar chamchuaire agus imeachtaí báid agus ceoil. Bhí Féile Phléaráca Chonamara ar siúl in Inis Mór in 2007 agus in Inis Meáin in 2009 agus táimid sásta anois go bhfuairamar an deis i mbliana Inis Oírr a bhaint amach.

D'eagraíomar an fhéile litríochta do dhéagóirí Fuint Focal in Áras Éanna in 2010 ar a fhreastal daltaí as Inis Oírr, Conamara agus Gaoth Dobhair. Bíonn daltaí Scoil Náisiúnta Chaomhán agus Meánscoil Ghobnaithe páirteach in imeachtaí Chlár Litríochta agus Drámaíochta Phléaráca ar bhealach éicint beagnach chuile bhliain, trí scríbhneoireacht chruthaitheach nó drámaíocht. In 2012, bhí Scoil Ghobnaithe páirteach sa togra léitheoireachta agus an Blag Idir Ghaeltachtaí a bhí dhá reachtáil ag Pléaráca agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne. Rinne Scoil Náisiúnta Chaomhán ceardlanna drámaíochta le Áine Uí Almhain faoin gclár in 2012.

De bharr an cheangal láidir seo atá ag Pléaráca leis an oileán tríd an óige, cheapamar gurb iad an óige a cheart tús a chur leis an bhFéile in Inis Oírr. Mar chuid de sheoladh na Féile ar an Aoine beidh mórshiúil ceolmhar, bríomhar, ag óige an oileán ag tosnú ag an trá agus ag déanamh a bealach suas chomh fada le hÁras Éanna. Beidh siad ag tabhairt leo laindéir solais a rinneadar i rith Ealaíon sna Scoileanna i ndeireadh mí Aibreán.

Tá téama an tsolais ag rith tríd féile na bliana seo. Tá sé 40 bliain ó tháinig leictreachas go Inis Oírr. Is féidir cuntas ar seo a léamh in alt a scríobh Mattie Ó Niaidh a bhí mar dhuine den foireann a chuir Bord Soláthar an Leictreachais isteach ar an oileán in 1973. D'úsáid Nuala Ní Fhlathúin an téama solas ar uisce don taispeántas ealaíne a chur sí le chéile d'ócáid na Féile. Mholfainn cuairt a thabhairt ar thaispeántas Nuala thar an deireadh seachtaine.

Is beag duine a thugann turas ar Inis Oírr nach mbíonn scéal acu ag dul abhaile agus tá muid cinnte go mbeidh neart scéalta ag daoine tar éis an Fhéile i mbliana. Mar chuid d'imeachtaí an tSatharn, beidh ócáid scéalaíochta Oíche an Bhéil Bheo: Inis Scéal, Inis Oírr ar siúl in Áras Éanna le scríbhneoirí, filí, amhránaithe agus scéalaíthe as Conamara agus Inis Oírr agus b'fhiú go mór a bheith i láthair chun iad a chloisteáil.

Ar ndóigh, ní Pléaráca a bheadh ann gan ceol, craic agus damhsa. Is féidir eolas faoi na seisiún a fháil sa chlár imeachtaí. Tá cur síos ar na himeachtaí le fáil san Iris chomh maith le scéalta as agus faoi Inis Oírr, agus ailt spéisiúla eile agus píosaí "nuachta" spráíúla.

Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le gach duine a thug cúnamh le heagrú na Féile, a scríobh píosaí nó a thug grianghraif don Iris.

AN GÚM
www.gaeilge.ie/angum



Le ceannach uathu seo:
An Siopa Leabhar
(01) 478 3814
www.litriocht.com
www.siopagaeilge.ie



Gradaim Leabhar na Bliana
Gearrliosta 2013

Children's Books Ireland
www.childrensbooksireland.ie

Na Laochra is Lú

Laoise Ní Chléirigh / Steve Simpson

Ainmníodh *Na Laochra is Lú* i measc na leabhar ar ghearrliosta 2013.

Arsa na moltóirí:

"Fréamhaithe in Éirinn an mhiotais agus na fin-scéalaíochta, is scéal simplí, leithleach, spreagúil é seo a leanann beirt shiog agus iad ar thuras gaiscíochta chun cinntiú go mbeidh an lámh in uachtar an mhaith ar an olc"

Leabhar eachtraíochta do pháistí 9 mbliana+ ina gcasaimid ar an Taibhse Dhána, Rí na Síog agus na síoga laochta Ruán agus Éadaoin. An mbeidh an lámh in uachtar ag díobháil an Thaibhse Dhána nó an gcuirfí cor ina chinniúint?

Tugann sárlearáidí Steve Simpson an t-iomlán chun beochta.

ISBN 978-1-85791-098-8 €6.50 Bog 9 mbliana+

Seal Faoi Dhraíocht In Inis Oírr i 1973

Mattie Ó Niaidh



Tá rud eicínt speisialta ag baint le hoileáin nach dtuigfidh tú go gcaithfidh tú tamall ar cheann. Is obair a chas mise go hÁrainn an chéad uair, agus is minic ó shin atá sé ráite agam go raibh an t-ádh orm mar gur tréimhse de mo shaol é ar bhain mé an-sásamh as. Tá cuimhní deasa agam ar an tréimhse a chaith mé ar Inis Oírr agus ar Inis Mór agus ar na daoine breátha ar chuir mé aithne orthu ar na hoileáin sin.

I 1973 chuir Bord Soláthair an Leictreachais foireann againn amach go hInis Oírr ag cur síos cuaillí agus cáblaí leictreachais chun soláthar leictreachais a chur ar na hOileáin. Bhí mé fhéin, Tony O'Brien agus Gabriel Lann ag fanacht tigh Mhaggie agus tigh Phádraig Cháit Uí Fhátharta. B'iontach an cócaire í Maggie, bail ó Dhia uirthi, agus go deimhin, chuile bhean ar Inis Oírr. Téim ar cuairt i gcónaí chuici nuair a théim go hInis Oírr. Bhí chuile dhoras oscailte ag an am sin agus fáilte mhór romhainn i chuile theach agus tá siad

mar sin go dtí an lá atá inniu ann. Bhí go leor tithe ceann tuí ann i 1973, ach tá athrú air sin anois. Tá go leor tithe nua tógtha ó shin agus is breá an rud é sin a fheiceáil agus gur chuidigh muide ar bheagán eicínt leis. Chuidigh teacht an leictreachais go mór leis na mná tí. Rinne sé rudaí níos éasca, go mór mór do mhná a bhí ag coinneáil scoláirí sa samhradh agus ag déanamh B&B ar an oileán chomh maith le siopaí agus óstáin.

Seisear againn a chuaigh isteach as Gaillimh, Mick Griffith, Tony O'Brien, Máirtín Lydon, Gabriel Ryan, Mick Grealish agus mé fhéin. Foireann bheag go maith agus go leor oibre le déanamh. Ní raibh an deis chomh maith agus atá anois ach fuair muid naonúr nó deichniúr as an oileán ag obair linn. Togha leaids oibre: Tomás Searraigh, Stiofán Seoighe, Tom Anthony Costello (Caipín Bán) atá ar shlí na ffrinne anois, Caomhán (Josie) Connelly, Michael Kane, Tomás Connelly, Tomás (Bhrian) Seoighe, Peadar Mhaidhcí agus

Ionad Pobail Chill Chiaráin

Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe



AISEANNA:

Seomraí Ranga	Náonra
Cruinnithe	Cóisirí
Badmantan	Cúirt Leadóige
Liathróid láimhe	Liathróid Raicéid
Caisleán Spraoi	Cispheil
Club Óige	Ranganna Ceoil
Ranganna Damhsa	Ranganna Ealaíne
Drámaíocht	Karate
Aclaíocht	Cistin

Gach Rath ar Fhéile Phléaráca 2013

Ryan McGinty

Laghdú Cánach!

Brabús Breise!

Cuir glaoch ar Cyril McGinty

091 395480

cmcginty@rmca.ie

www.rmca.ie

Cuntasóirí Deimhnithe Cairte



Mick Griffin



Martin Lydon



Gabriel Ryan



Mattie Ó Niaidh



Tony O'Brien



Mick Grealish



Éamonn (Mháirtín Ned) Flaherty atá ar shlí na fírinne chomh maith. Sé Éamonn a bhíodh ag tiomáint an tractor agus fuair sé bás go hóg.

Bhí an Comharchumann ar an oileán tar éis tosú ag an am, agus rinne sé sin níos éasca dhúinn é. Sé Locky Kelly an chéad duine a thug ábhar isteach dúinn ar an trálaer 'An Concord' as Ros a' Mhíl go hInis Oírr. Is as Gaillimh is mó a thagadh stuif na siopaí. Bhí fear eile as Cill Éanna a thugadh cuailí isteach dhúinn, Pat Joe O'Donnell, agus bhí bád breá mór aige 'An Asco'. Sí an 'Queen of Aran' a bhí ann an t-am sin (An Queen Beag). Sé John 'The Yank' Mullen agus leaid óg eile as Ros a' Mhíl, Rory Ó Conghaile, a bhíodh á rith. Ní raibh aon eitleán ann fós. Bhí aer stráice in Inis Mór ó 1970, ach bhí an leictreachas ag Inis Oírr rompu.

Bhí muid ag obair uaireanta fada, ón hocht ar maidin go dtí an deich san oíche, agus freisin Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh; ach bhíodh am againn le haghaidh cúpla pionta agus bualadh amach ag snámh ar an trá álainn atá in Inis Oírr, mar sin ní bhíodh muid ag obair i gcónaí. Bhíodh muid isteach Tigh Ruaidhrí agus Tigh Ned, ní raibh ann ach an dá phub ag an am. Bhíodh neart ceoil ann, bhíodh tarraingt mhór ag muintir Chontae an Chláir ar Inis Oírr, neart ceoltóirí ina measc. Bhíodh Miko Russell agus a dheartháir, Packie, isteach go minic. Dhéanadh muid go leor siúil, bhí siúlóid dheas amach go dtí an Teach Solais agus soir go dtí an Plassey.

Ba í an Plassey an t-údar iontais ba mhó ar an oileán ag an am, bhíodh chuile dhuine ag caint uirthi agus a leagan féin den scéal ag chuile dhuine. Bhí fear eile a bhí ag múineadh sa scoil ansin ar chuir muid an-aithne air, Enda, dearthár le Breandán Ó hEithir; bhásaigh seisean óg.

Théadh muid abhaile chuile thrí seachtainí; athrú mór ó ghaineamh glan Inis Oírr go dtí portaigh Chonamara.

Ba é seo an dara hoileán gur chuir mise solas air. Chuir muid solas ar Acaill Bheag i 1964 agus go leor eile ina dhiaidh sin. Thaithnigh sé go mór liom a bheith ar na hoileáin, agus téim ar ais go minic.

Tagann go leor as Dúlainn i gContae an Chláir go hInis Oírr. Tá báid go leor sa lá atá inniu ann ag dul soir agus anoir. Ba ag Bill O'Brien a bhí an t-aon bhád a bhí ann i 1973.

Chuaigh muid ar ais arís i 1979. Bhí muid ag ceangal tithe nua leis an gcóras. An difríocht mhór a chonaic mé idir 1973 agus 1979 ná an fhorbairt a bhí tarlaithe san achar sin - an

méid tithe nua bhí á dtógáil ar an oileán. Bhí Mick Grealish linn an truíp seo, fear a bhfuil aithne mhór in Árainn air. Is breá liom a bheith ag dul air ais le Pléaráca tar éis dhá scór bliain, castáil leis na fir a bhí ag obair linn agus a gclann sin aríst, agus píosa craic agus cainte san Óstán (Máirtín Rua), Tigh Ned agus Tigh Ruairí.

Tá draíocht cinnte ar oileáin - ag fágáil an phub oíche bhreá samhraidh le solas gealaí agus siúl soir ar an trá... Ní raibh aon áit sa domhan mar é. Sea, faoi dhraíocht in Inis Oírr 1973 - 2013.



An Plassey

Gaol Ar Oileán

Máirtín Mhic Lochlainn

Ní dhéanfaidh mise dearmad go deo ar na dinnéir a bhíodh againn oícheanta Nollag agus mé i mo ghasúr – *breams* Árann agus béile breá fataí. Bhíodh muid ag faire ar fhear an phosta roimh aimsir na Nollag i gcónaí, mar bliain i ndiaidh bliana bhíodh litreacha ag teacht as Meiriceá ó m'aint Nan, agus ó Aint Biddy – aint le mo mhama ab ea Biddy, ach níor thug muid uirthi riamh ach Aint Biddy – agus ní gá dom a rá ná go mbíodh níos mó ná cártaí Nollag sna litreacha seo; go ndéana Dia trócaire orthu, ba ghroíúil iad. Bhí Pete Mhichael Saile as Baile an Fhormada in Inis Oírr amhlaidh, go ndéana Dia grásta air, mar chuile Nollaig beo chuireadh sé beart *beams* chugainn i gcomhair na Nollag – ba dheas iad!

Anois, ní raibh gaol ar bith againn le Pete, ach gurbh aint le mo mháthair an chéad bhean a bhí ag a athair, agus cailleadh í thart ar 1905 agus í ag tabhairt páiste ar an saol; cailleadh an páiste chomh maith. Ní raibh sí ach ocht mbliana fichead. Julia Bhill a bhí uirthi ag baile i dTóin a' Chnoic, an baile céanna inár tógadh mé féin, agus rugadh agus tógadh ise sa teach céanna inár chaith mise na chéad chúig bliana déag de mo shaol; bhí mé ag teacht agus ag imeacht go dtí an teach céanna go dtí 1969, nuair a tógadh an teach nua. Chuala mé ó mo mháthair go mba cleamhnas a rinne Bill le Michael Saile, nó Michael Mhicilín a iníon a thabhairt le pósadh dó. B'shin é an nós a bhí ann ag an am. Bhí an bád mór Billeachaí ag Bill, agus bhíodh sé ag tarraingt móna go hÁrainn cosúil leis na bádóirí eile a mhair ag an am. Seans gurbh iomaí sin cleamhnas a déanadh ar an trí oileán – clann iníne na mbádóirí ag pósadh na nOileánach.

Phós Michael Saile, bean as an oileán ina dhiaidh sin. Bhí daoine de chlann Sailí pósta ar an gCloich Mhóir, ag an táilliúir John Choilm Dhioláin, agus ba mhinic a bhíodh mé féin agus Máirtín agus mamó ar cuairt acu nuair a bhí mé i mo ghasúr. Creidim gur iomaí sin bronntanas a thug sí dom agus mé i mo pháiste. Bean lách ghealgháireach a bhí inti, go ndéana Dia trócaire uirthi agus orthu ar fad atá imithe ar shlí na firinne anois. Bhí mé ar bhainis Mhary Mhichael Sailí, in éineacht le mo mhamó agus Sailí – Mary Árann, Sailí Árann, agus Pete Árann a tugadh orthu sa teach s'againne riamh. Bhí Bríd Árann ina cónaí i gCondae an Chábháin, bhí Máirtín agus Willie i Meiriceá, agus





Tigh Mhichael Saile

bhíodh siad ar fad ag scríobh chuig mo mháthair go rialta.

Ba é Willie an t-aon duine den triúr clainne a bhí ag Julia Bhill a mhair; cailleadh an dara mac nuair a bhí sé chúig bhliana le dóigh boilg (b'shin é an t-ainm a bhíodh acu ar *appendicitis* fadó), i dTóin a' Chnoic, mar tugadh amach as Inis Oírr é nuair a cailleadh a mháthair. D'fhan an dara clann a bhí ag Michael Saile i dteagmháil linn i gcónaí, go dtí gur cailleadh an duine deireanach den ghlúin sin, agus fós féin cuireann mac le Bríd Árann cárta Nollag chuig mo mháthair chuile bhliain ó cailleadh a mháthair, agus thug sé cuairt uirthi an bhliain chéanna. Chaith Willie tamall i dTóin a' Chnoic sul má chuaigh sé go Meiriceá go dtí a aint Peige i bPittsburgh. Chuir sí chuig scoil oíche é gur fhoghlaím sé le bheith ina *bhricklayer*, ach ní raibh mórán den chineál sin oibre le fáil i bPittsburgh, agus d'athraigh sé amach go San Francisco.

Ní gá dhom a rá ná go bhfuil nádúr agam leis an oileán, cé gur thóg sé blianta fada orm ceist a chur faoi na gaolta; agus ba í Mairéad Póil a threoraigh an bealach ceart mé, agus tá mé faoi chomaoín mhór aici – go raibh maith agat a Mhairéad. Casadh Mikey agus Peter – clann Phete Mhichael Sailí orm ó shin, agus tá fhios agam anois cá bhfuil an seanteach inár chaith Julia Bhill seal dá saol. Fuair mé pictiúr deas dhó ó Nóirín Uí Loideáin agus thug mé do mhama é; níor thug mama aon chuairt ar Inis Oírr riamh. Ní bean mhór taistil í mo mháthair, bail ó Dhia uirthi – ní léi a chuaigh mise mar is maith liomsa bheith ag taisteal – go mór mór amach go hInis Oírr, oileán álainn mara ina bhfuil daoine múinte geanúla agus an trá is deise in Éirinn.



Scléip na Féile Eanách Mheáin & Béal an Daingin 2012

1. Micheál Ó Conghaile
2. Buaiteoirí Comórtais na nÓg
3. Micko Ó Conaire, Iena bhean Bridie, iníon Mairéad & garmhac Seán
4. Michaela Nic Dhonncha
5. Enda McCabe
6. Stephen McGinley
7. Micheál Ó Domhnaill
8. Seán Ó Flatharta & Katie Ní Shúilleabháin
9. Radharc as Inis Treabhair
10. Shane Ó Maoildhia & Gráinne Ní Shúilleabháin
11. Aisteoirí Chorr na Móna
12. Jim O'Leary, Enda McCabe, Peadar Ó Sé, Fergal Ó Murchú & Frank MacDonncha
13. Turas ar Inis Treabhair
14. Nóra Joe Bheartla, Michael Ó Máille & Kevin Ó Conaill
15. Eileen Sonai Choilm Learai, Micheál Seoige & Còil Phat Mhyle
16. Corn Chomórtais Damhsa ar an Sean-nós bronnata ag Sonai Choilm Learai agus a chlann
17. Tura Arutura
18. Ealain Scoil Mhuire an Tuairin
19. Pádraig Ó Conghaile
20. Peadar Ó Maoláin & Beartla Breathnach
21. Meabh O'Neill
22. PJ Sonai & Tura Arutura
23. Seán Ó Cléirigh
24. Máirín Uí Chonghaile & Mattie Ó Níaidh
25. Eileen Sonai Choilm Learai
26. Máirtín Tom Sheáinín
27. Clann Sonai Choilm Learai & Beartla Ó Domhnaill

(Grianghraf le Anna Ní Fhlatharta)



Áras Éanna

Mairéad Ní Ghallchoir



Tess Urbanska

Ionad Ealaíne agus Oidhreacht ilghnéitheach atá in Áras Éanna atá suite i monarcha fíodóireacht athchóirithe in Inis Oírr, ar oileáin Árann.

Tá amharclann/pictiúrlann le 75 suíochán san ionad, 3 ghailearaí ealaíne, caifé, ceardlanna ceardaíochta, seomraí ranga, stiúideo agus árasán d'Ealaíontóir Cónaitheach.

Le trí bliana déag anuas, tá Áras Éanna ina thearmann ag ealaíontóirí. Mar gheall ar ionad oibre agus cónaitheach chomh feiliúnach a chur ar fáil, bíonn ardchaighdeán ag baint leis an saothar a chuireann siadsan i láthair.

Bíonn coirmeacha ceoil, drámaí, Taispeántais, ceardlanna agus siamsaíocht amuigh faoin spéir eagraithe ag Áras Éanna ó bhliain go bliain.

Mise agus Inis Oírr

Máire Uí Mhaoláin



Inis Oírr

Ta naoi mbliana caite ag Máire Uí Mhaoláin ar Inis Oírr. Déanann sí cur síos anseo ar an gcion mhór atá aici ar an oileán.

An chéad uair a leag mé súil ar Oileáin Árann, bhí mé in airde ar shleas Chnoc an Droigheann, agus mé i mo ghasúr i gCill Chiaráin. Bhí an ghrian ag lonradh ar chloch, ar charraig, is ar thrá. An chéad uair a leag mé cos ar an oileán, ba cailín óg soineanta rómánsúil mé. Tá an tsoineantacht agus an rómánsaíocht sin imithe anois le fada, faraor, ídithe ag an saol ach níor ídigh an tarraingt a bhí ag an saol oileánda orm riamh. Bhí mo thriall i gconaí ar an oileán agus caithfidh mé rá nach raibh mé ag déanamh suaimhnis in aon áit eile gur tháinig mé anseo "ar oileán mara, san iarthar chianda" seo. Dála an scéil is ar oileán eile, Inis Bó Finne, a chonaic mé fógra go raibh post ag imeacht in Inis Oírr, ach tuilleadh faoi sin ar ball.

Dóibh siúd nach bhfuil aon eolas acu ar an oileáiní iartharach seo, atá i bhfoisceacht sé mhíle do chósta an Chláir, tá trí mhíle bliain de rian an duine ar an oileán agus ar a laghad billiún de stair nádúrtha an oileáin. Sciar de charraig na Bóirne é,

tá fianaise ann go raibh daoine ag cur futhú ar an oileán chomh fada siar le 2300-2000 roimh aimsir Chríost. Ar an bhfianaise is láidre de seo, tá Cnoc Raithní, reilig ó aimsir na cré-umha ina fritheadh prócaí creimithe a ceapadh a tháinig as Albain. Is léir go raibh tarraingt na ndaoine ar an oileán seo i bhfad siar sa stair. Níos gaire ná sin, 400 RC, feictear Dún Fhormna, lár-ionad thaoisigh an oileáin agus ina dhiaidh sin ón mheán-aois, feictear Caisleán Uí Bhriain ón gceathrú haois déag. Tréimhse chaithréimeach Bhrianaigh an Chláir agus Fhlaitheartaigh Chonamara a bhí anseo go dtí 1652, nuair a thóg fórsaí Chromaill forlámhas ar an oileán. Sainchomhartha suntasach eile ná an Túr Faire míleata a tógadh idir 1804 – 1806, nuair a bhí Inis Oírr ina garda ar Chuan na Gaillimhe. Gan dul i bhfad scéil leis an stair, caithfidh mé oidhreacht spioradálta an oileáin a lua – aimsir na manach. Seo é an tréimhse is mó a bhfuil greim aige ar mo shamhlaíocht féin, ón aonú haois déag, nuair a bhí triall ag na manaigh, Caomhán, Éanna agus Gobnait ar an oileán, ar thóir tearmainn ó ábharachais an tsaoil chun iad a thabhairt, le pian is cruatan, níos gaire don té is airde!



Caisleán Uí Bhriain, Inis Oírr

Is cinnte is mé ag smaoineamh air, gur b'shin é an rud a mheallann go leor chuig na hOileáin, fiú san lá atá inniu ann, mé féin ina measc. Tá gné den 'seasamh go leataobh' i gceist, coisméig siar, faoiseamh agus spás intinne, suaimhneas is só. Ar ndóigh, níl ann ach mearbhall i ndáiríre, ach deirtear gur mearbhall atá sa saol ar fad! Ar an lámh eile ag teacht as Cill Chiaráin, mar a bhí ní fada siar a bhí dúchas na noileán, ár muintire is ár sin-sean mhuintir, ina n-áitritheoirí oileánda ag dul siar sa dúchas.

Mar a luaigh mé ag an tús, bhog mé féin, Tom agus ár maicín. Dara a bhí trí bliana ag an am chuig Inis Oírr, ag teacht suas ar naoi mbliana ó shin. Bhí muid ina gconaf ag an am i gCathair na Gaillimhe, áit ar thóg muid ár mbeirt ngasúr eile, Adam agus Ruth, idir Cill Chiaráin agus Gaillimh. Bhí an dhearg-ghráin againn ar shaol na cathrach ach bhí post agamsa mar Oifigeach Forbartha le Coiste Cúram Leanaí Chontae na Gaillimhe agus rinne sé ciall ag an am. Bhí mé in Inis Bó Finne an lá úd i Meitheamh 2004 nuair a chonaic mé post mar bhainisteoir ar thogra Eorpach, Nasc Eorpach d'Oileáin Bheaga na hEorpa, maoinithe faoin gClár Interreg de chuid an Aontais Eorpaigh, fógraithe d'Inis Oírr. Bhí post maith agam agus cinnteacht mhaith ag baint leis ach mar sin féin, bhí mo dhá chos ag rith uaim go rachainn abhaile is go seolfainn CV.

Fuair mé an post agus bhí mo thríall ar Inis Oírr. Bhí mé cineál aimhreasach faoi mo rogha ag an am,

bogadh isteach i bpobal beag oileánda, ach i ndáiríre sé an timpeallacht agus an dúlra i gconaf a mheall mise agus is beag suim a bhí agam i ndearcadh na ndaoine. Ní raibh mé ag teacht chun dlúth-chairdeas a dhéanamh. Bhí mo chuid cairde agam agus bhí Tom, Dara agus comhleacaithe deasa agam i gComhdháil Oileáin na hÉireann, an t-ainm a bhí ar an gcomhlacht ag an am. Ar ndóigh, ní comhtharlú ar bith é go bhfuil an oiread sin measa agam ar na daoine, tar éis 9 mbliana, mar tá uaisleacht faoi leith ag baint le muintir an oileáin, rud a ndéanfaidh mé cur síos níos deireanaí air.

Gan dul i bhfad scéil, thosaigh mé ag obair agus go bhfóirfidh Dia orainn, má cheap tú go bhfuil sé deacair meabhair a bhaint as muintir na hÉireann scaití, téigh ag obair le coiste ina bhfuil baill as sé thír iasachta, oileánaigh aige sin, teangacha difriúla, córáis riaracháin éagsúla agus tá do chuid oibre gearrtha amach duit. Bhíodh míthuiscintí ollmhóra eadrainn, agus is minic anois a cheapaim go bhfuil chuile sheans go raibh mé ag cur síl cheart orthu. Is cinnte gur treise dúchas ná oiliúint mar bhí an fhealsúnacht Éireannach sin ionamsa, 'oibreoidh chuile shórt amach agus beidh chuile shórt togha ar an lá', rud nach dtuigeann eachtrannaigh! Bhí go leor acu is dá ndéarfá go raibh tú chun glaoch an lá dár gcionn orthu ag an 3 agus dá dtarlódh sé nár éirigh leat glaoch go dtí ceathrú tar éis, bhíodh siad in adharc a gcochaill ceart. Deirim liom féin anois, gur m'fhéidir gur mhúin mé foighid do na Francaigh agus suairceas do na Sualannaigh agus gur mhúin said domsa a

bheith níos soiléire agus níos coinsiasaigh faoi chúrsaí ama! Ar an lámh eile, bhí go leor turais i gceist chuig oileáin bheaga na Danmhairge, na Sualainne, na Fraince, na Fionnlainne, na hAlbaine agus na Gréige. Is iomaí iontas a chonaiceamar agus ba phribhléid é blaiseadh a fháil don saol sna hoileáin sin, oileáin atá ag stracadh lena dúshláin chéanna is atá muintir oileáin na hÉireann.

I rith na cheithre bliana sin den chlár, bhí muid ag socrú isteach go sócúlach ar Inis Oírr. Tháinig mé sa gcleachtadh a bheith eagraithe do chuile shórt a d'fhéadfadh titim amach, a bheith réidh le n-imeacht dhá lá roimh an am a raibh tú ceaptha imeacht, gur í an aimsir agus corraí farraige na gnéithe is mó a threoraíonn do shaol agus nach bhfuil aon chinnteacht riamh faoin saol oileánda.

Sna chéad bhlianta sin, mhothaigh mé i m'intinn go raibh mé i mo chonaf ar an imeall. D'airigh mé go bhféadfadh rud ar bith tarlú, b'fhéidir go dtiocfadh an bád, b'fhéidir nach dtiocfaidh. D'fhéadfá siúl síos an bóthar agus go gcasfaí duine ort nach bhfaca tú leis na cianta! Tá éiginnteacht i chuile lá agus is breá liom é sin. Is minic a smaoiním gur b'shin an fáth go bhfuil na daoine chomh réchúiseach, inghlacthacht leis an saol go smior iontu. Tá an-tionchar ag na séasúir ar an saol anseo chomh maith, cúrsaí turasóireachta i n-ard a réime on gCáisc amach, saol láidir pobail i rith an Gheimhridh. Déanann na daoine an aistriú seo gan stró, oibríonn said go fíor-chrua sa Samhradh agus bíonn an saol níos sócúlaí i rith an Gheimhridh. Is cinnte go bhfuil rithim an t-saoil, go h-iomlán difriúil anseo d'aon áit eile agus go bhfuil a rian sin ar mhuintir na háite.

Ceann dena tréithe is láidre i measc an phobail anseo ná dílseacht dá chéile mar oileánaigh. Chuir mé an cheist ar dhuine óg uair a bhí taréis leathuair a chaitheamh ag tabhairt amach faoi dhuine eile, cén fáth a raibh siad ag cur suas le muna duine deas í? agus dúradh liom, gur cuma faoi sin mar gur ón oileán í! Tá muintir na h-áite fite-fuaite ina chéile agus dílis dá réir. Ins na chéad bhlianta anseo, cheap mé gur sa tSicil a bhí mé, mar nach raibh an cód Omerta leath chomh láidir san oileán sin agus atá anseo! Ní raibh baol orthu oscailt suas do bhean Chonamara!

Ní féidir liom gan an acmhainn grinn atá ins na daoine a lua! Níl duine anseo nach bhfuil leas-ainm air mar shampla. Bíonn go leor pleidhcíochta agus cleasanna á n-imirt! Úsáidtear chuile sheans chun píosa craic agus gáire a bhaint amach san mbealach

tráthúil, deisbhéalach sin atá leo. Ní dóigh liom go bhfeiceann daoine ón taobh amuigh é seo go minic, mar gur san nGaeilge Muimhneach sin is barúla iad agus caithfidh duine an chluais a bhiorradh go maith chun theacht sa gcleachtadh ar sin.

Bhí roinnt mhaith ocáidí mí-thuisceana orm féin nuair a tháinig mé anseo ar dtús. Is cuimhin liom lá a raibh mé amuigh faoina craga ag siúl, d'fhiafraigh fear dom an raibh deabhadh orm! Gan tuairim agam céard é an 'deabhadh' seo, chinn mé go raibh sé níos sábháilte "níl" a rá. Dúradh liom, 'muna raibh, más ea, seasamh sa mbuaille, ach go h-áirid, go gcuirfeadh sé amach na gamhainn'. Rinne ar ndóigh, ach ní dhearna, mar is 'dhion' atá anseo acu!

Uair eile thug mé gasúir na bunscoile ar thuras scoile go Conamara ag curachóireacht. Cheap fear na gcurachaí gur go mall a bhíodar ag iarradh a dhul agus iad ag screadaíl 'éasca, éasca, éasca', ar a chéile. Is ionann an-éasca anseo agus an-tapa! Tá blas na Mumhan go láidir ach fós é áirithe do hInis Oírr. Deirtear nach raibh an tuiséal ginideach riamh acu ach sa bhfocal scríofa, ramhraítear na gutaí agus is Muréad atá acu in áit Mairéad chaol Chonamara. Is cinnte gur láidre canúint an oileáin ná canúint Chonamara, mar is léir ó chanúint mo Dara, in ainneoin é a bheith ag cloisteáil Gaeilge Chonamara ag baile.

Ag caint ar ghasúir é, tá scoileanna breátha ar an oileán agus is í an mheán scoil an institiúid is tábhachtaí ar an Oileán. Coinníonn sí dinimic an phobail sláintiúil, agus tá tionchar mhór aici ar aeráid shóisialta an oileáin, ar shástacht na ndaoine, ar inbhunaíocht na teangan agus na canúna agus ar thodhchaí an oileáin, go ginéarálta. Creidim, dá mba tú an duine ba shaibhre ar domhan, ní fhéadfá an saol seo a cheannacht ná a bhronnadh ar ghasúr ar bith. Tá tógáil an-luachmhar á fháil ag páistí anseo. Ní móide go bhfuil fhios acu féin i gconaf é! Tá chuile shórt acu atá ag gasúir na mórthíre, cumainn spórt, páirc spraoi, páirc uile-aimseartha, trá ghleoite agus níl orthu ach siúl síos an bóthar agus tá siad i lár an aonaigh. Maraon leis an spórt, tá an t-ádh ar an oileán go bhfuil ceoltóir cliúiteach, Micheál Ó hAlmhain, ina chonaf anseo agus ag múineadh ceoil do na gasúir. Ag caint ar an gceol, i rith shéasúr na turasóireachta, bíonn seisiún ceoil in áit éicint seacht n-oíche na seachtaine agus oícheanta go maidin dhá réir. Bua eile an oileáin ná an t-Ionad Ealaíona, Áras Éanna, agus is beag

Tigh Joe Mac

Cill Rónáin, Inis Mór
Ceol, Craic & Bia

Fón: 099-61248

Comharchumann Forbartha Árann Teo.

Buaiteoirí Gradaim Pobail na Gaeltachta

Comharchumann Forbartha Árann Teo.,
Ionad Fiontair Cholm Ó hIarnáin,
Cill Rónáin, Árann, Cuan na Gaillimhe

Fón: 099 61354 / 61394 (F) 099 61454
eolas@cfarann.ie www.cfarann.ie

Máire Seoige Ros Muc

Leaba & Bricfeasta
Lóistín

091-574147



MIANAIGH GHLEANN GABHLA

Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-552360/552021
glengowlamines@eircom.net
www.glengowlamines.ie

**Seanmhianach Luaidhe
agus Airgid ón 19ú haois**

*Turas faoi thalamh le treoraí/
siúlóidí nádúir*

Nioclás Ó Conchubhair Teo.

Rogha agus Seirbhís den Scoth

Quality Choice Service

Leitrimóir, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-551 114
Faics: 091-551 258

Casla, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-506 111
Faics: 091-506 044

*Ábhar Tithíochta, Pluiméireacht, Leictreach,
Meaisín Níochán, Soirn, Crua Earraí, Péint & srl.*

Óstán Inis Oírr

Accommodation - Bar - Restaurant

Inis Oírr,
Oileáin Árann,
Co. na Gaillimhe

Fón: 099 75020
Facs: 099 75099

ostaninisoirr@gmail.com
www.hotelinisoirr.com



Island Ferries Teo.

Ros a Mhíl Pier, Co. Galway

Phone: (091) 572050/572273
(after hours)

Fax: (091) 572448

Email: island@iol.ie


4 Forster Street, Galway

Phone: (091) 568903

Fax: (091) 568538

Email: islandferries@eircom.net

www.aranislandferries.com



COMPLETE
LABORATORY
SOLUTIONS

Saotharlann Chonamara Teo

Ros Muc

Co. na Gaillimhe

Teil: 091-574355

Faics: 091-574356

info@cls.ie

www.completelabsolutions.com

seachtain nach bhfuil ceolchoirm, dráma nó taispeántas ar siúl ann, a bhuíochas sin do na maoinitheoirí agus cur chuige chruthaitheach Mhairéad Uí Ghallchóir. Tá sé deacair a bheith i do chonaí anseo gan féith na cruthaíochta a theacht chun cinn ionat. Is áit iontach inspioráideach é Inis Oírr. Scríobh mé féin dráma amháin faoin áit, tá na h-íomhánna áille péinteáilte agam agus tá neart eile ag bruth! Sílim nach raibh mé ach leath-bheo gur tháinig mé go hInis Oírr.

Níor luaigh mé an dúlra agus an timpeallacht, gné atá an-ghar do mo chroí ach gurb é mo ghuí don oileán, nach dtarlóidh aon fhorbairtí a chuirfeadh as don tírdhreach sainiúil seo.

Ag caint ar fhorbairtí, táim féin fostaithe le 4 bliana mar oifigeach forbartha ag an gClár Forbartha Tuaithe d'Oileáin na hÉireann agus le deireanas do Ghaeltacht na Gaillimhe. Is é an chuideachta Comhar na nOileán atá i bhfeighil an chlár. Déanann muid riaradh ar sheachadadh deontas i réimse leathan forbartha ar a n-áirítear seirbhísí bhunúsacha pobail, gníomhaíochtaí turas-óireachta, oidhreacht, oiliúna agus forbairt gnó.

Ta mé ag obair san earnáil seo le breis is 20 bliain agus is iomaí athrú a chonaic mé. Tá neart a d'fhéadfaí a rá faoi gClár Forbartha Tuaithe agus an maorlathas atá ag baint leis ach is é m'fhealsúnacht féin gurb é an ról atá agamsa ná éascaíocht a dhéanamh ar son na ndaoine a theacht ar chabhair-dheontas. Is minic go mbíonn an cur chuige sin i gcoimhlint leis an maorlathas ach sin é dúshlán an phoist. Bíonn muid ag freastal ar oileáin uile na hÉireann, ó Inis Earcáin Chorcaigh go Oileán Thoraí i nDún an Gall ach tá i bhfad níos mó báúileacht agam leis na hOileáin Ghaeltachta. Tá áit an-speisialta i mo chroí d'Oileán Thoraí mar is é an t-oileán is leochailigh sa tír é, ní amháin ó thaobh rochtaine de, ach ó thaobh easpa seirbhísí, easpa infheistíochta, titim daonra agus creimeadh an oileáin go ginearálta. Tá stracadh leis an saol mar chruatan laethúil ag muintir Thoraí agus cultúr níos luachmhaire ní bhfaighidh tú in aon áit. Is fiú d'oileáin eile súil mhaith a choinneáil ar Thoraí, mar creidim gur slat tomhais mhaith í den tsuim atá ag an stát-chóras i dToraí agus an chaoi a gcaithfear le hOileáin uile na hÉireann sna blianta amach romhainn.

Tá an t-ádh orm mar tríd mo chuid oibre, bíonn deis agam aithne is eolas a chur ar oileánaigh eile fud fad na tíre. Tá mé i mo bhall de choistí éagsúla

anseo freisin, cosúil le go leor de mhuintir Chonamara, níl muid in ann a ladar a choinneáil amach as coistí pobail. Chonaic mé agus mé ag fás suas i gCill Chiaráin an méid a baineadh amach leis na Comharchumainn Ghaeltachta, Cearta Sibhialta, Údarás na Gaeltachta, an Raidió agus go leor eile. Chuaigh na rudaí seo i gcion go mór orm agus creidim gur féidir le pobail cur ar a son féin. Beidh mé rannpháirteach i gcónaí i bhforbairt pobail, íocaithe nó a mhalairt! Tugann go leor de mhuintir an oileáin seo a n-am go deonach ar son a bpobal. A chruthú sin le feiceál ins na seirbhísí sár-mhaithe atá ar an oileán. Is beag uair a chloisfeadh tú an droch-fhocal faoi dhuine ar bith anseo. Is cinnte go bhfuil codarsnacht idir a bheith ar bhád agus i do chonaí ar oileán, tá tú sáinnithe agus caithfear ceart a bhaint as chuile dhuine. Dá bhrí sin, cuirfidh tú suas le go leor. Sílim go bhfuil na daoine chomh cleachtach ar an modh imeachta seo go bhfuil sé go smior ina gcarachtairí ag an tráth seo. Fiú, scaití, ceapaim go gcuireann said suas le go leor ó dhream ón taobh amuigh. Is cinnte go bhfuil macántacht ag baint leis an tréith sin. Nuair a tháinig mé anseo ar dtús, ba chúis iontais dom chomh sibhialta agus a bhí cruinnithe. Ach sin ag teacht ó thaithí throdach Chonamara Theas!

Tá a fhéiniúlacht féin ag an oileán, féiniúlacht a d'fhás as raon leathan staire agus oidhreacht, daoine a tháinig agus a d'imigh, aimsir, farraigí is craig. Beidh áit speisialta ag Inis Oírr, oileán na háilleachta i mo chroí i gconáí, agus mar a dúirt Máirtín Ó Díreáin;

*Coinneod féin an t-oileán
Seal eile i mo dhán,
Toisc a ionraice atá
Cloch, carraig is trá.*



**Máire agus a fear céile Tom lena gclann,
Adam, Dara agus Ruth**

Imeachtaí Phléaráca 2012/13

1. Micheál, Máirín & Bertie Ó Domhnaill

2. Tom Ó hAllmhuráin, a bhean Catherine agus iníon Iona

3. Peigi Ní Chonghaile, Máire-Áine Ní Mháille & Anna Ní Fhlatharta

4. Seosamh Mac Donnacha & Gearóid Ó Murchú

5. Mairead Ní Chualáin & Máire Ní Chualáin

6. Micheál Ó Cuaig

7. Máire-Áine Ní Mháille, Alan Titley & Anna Ní Fhlatharta


8. John Ó Cualáin, Brid Uí Choisdealbha & Máirín Mhic Lochlainn

9. Pádraig Phat Photch Ó Ceannabháin

10. Paddy Mhéime Ó Súilleabháin

11. Patricia & Barbara Uí Fhatharta

12. Jackie Mac Donncha



Comhar Caomhán, Inis Oírr

Paddy Crowe

Tá Comhar Caomhán Teo ag feidhmiú ar Inis Oírr, an t-oileán is oirthearaigh de thrí Oileán Árann i gCuan na Gaillimhe ó 1971. Tá ról lárnach ag an gComharchumann i bhforbairt eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha an oileáin ó shin i leith.

Bunaíodh an Comharchumann ar dtús chun bunseirbhísí riachtanacha ar nós scéim leictreachais agus uisce a chur ar fáil, ach tá réimse leathan togra sóisialta agus pobail idir lámha anois. Tá áiseanna mar aerstráice, meánscoil, leithris poiblí, páirc peile, seomraí feistis, pinniúr liathróid láimhe, clós spraoi agus páirce uile-aimsire forbartha tríd na blianta, agus roinnt tograí eile le tabhairt faoi go fóill.

Tá ról lárnach ag Comhar Chaomhán Teo i gcur chun cinn agus bainistiú áiseanna turasóireachta ar an oileán. Déanann sé an ionad campála, na leithris phoiblí, tithe saoire, páirc peile, pinniúr liathróid láimhe, clós spraoi, meánscoil, halla poiblí agus bróisiúir eolais turasóireachta a bhainistiú agus a chur ar fáil. Déanann an comharchumann bainistiú ar shuíomh idirlíon an oileáin www.inisoirr.ie. Bíonn an comharchumann ag obair go leanúnach chun margaíocht agus poiblíocht a thabhairt don oileán.

Cuireann Comhar Caomhán bun-seirbhísí riachtanach ar fáil don phobal ar nós stór trádála, seirbhís bhreosla agus athchúrsáil, innealra tógála ar cíós, seomraí cruinnithe, seomraí ar cíós don leabharlann, banc agus Comhar Creidmheasa, seirbhísí fac, lannú agus seirbhísí riaracháin agus eolais eile.

I measc na bpríomh thograí eile atá idir lámha, tá naoínra nua don oileán, stór nua fiontair, uasghrádú ar oifigí an chomharchumainn agus ardán agus giomnósiam in aice an pháirc peile.

Thar na mblianta bhí Comhar Caomhán Teo freagrach as riaradh réimse leathan scéimeanna fostaíochta. I láthair na h-uaire tá an comharchumann ag riaradh Scéimeanna FÁS



Inis Oírr

agus Scéimeanna Sóisialta Tuaithe. Tá ról lárnach imrithe ag rannpháirtithe na scéimeanna seo ar fhorbairt agus cur chun cinn tograí éagsúla ar an oileán tríd na blianta.

Tá ról tábhachtach ag Comhar Caomhán Teo ag feidhmiú mar bhrú ghrúpa ar son muintir an oileáin. Bíonn teagmháil agus comh-oibriú leanúnach le leithéid Údarás na Gaeltachta, Roinn na Gaeltachta, Comhairle Contae na Gaillimhe agus Údarás eile faoi bhunseirbhísí mar shampla an seirbhís uisce, bóithrí, srl. Faoi láthair an chloch is mó ar phaidirín an chomharchumainn ná na forbairtí a theastaíonn go géar ag Céibh Inis Oírr, agus táthar ag plé go leanúnach leis an gceist seo.

Ar ndóigh, is Gaeltacht láidir í Inis Oírr agus tá an Ghaeilge lárnach i gcultúr agus oidhreacht an oileáin, agus lárnach i saol na n-oileánaigh. Déanann Comhar Caomhán Teo a ngnó uile trí Ghaeilge, agus cuirtear seirbhísí an chomharchumainn uile ar fáil trí Ghaeilge. Déanann an comharchumann bainistiú ar Ionad Seirbhís Teanga a thacaíonn go mór le daoine a bhogann go hInis Oírr agus ar mhaith leo a nGaeilge a fheabhsú. Feictear don chomharchumann go gcaithfear an pobal a choinneáil beo chun an teanga a choinneáil beo mar sin tá géarghá leis na tograí forbartha pobail a chuireann áiseanna agus seirbhísí chun cinn ar an oileán. Cuidíonn na h-áiseanna agus seirbhísí uile leis an daonra a choinneáil suas, agus as sin coinnítear an Ghaeilge beo bríomhar.

Clár na Féile 2013

Dé hAoine 17 Bealtaine

I rith an lae	Taispeántas Ceardaíochta thar an deireadh seachtaine Ionad: Oifig Chleas	Ceol: Tom Ó Maoláin agus Damhsa ar an sean-nós le Gearóid & Pádraig Ó Dubháin
	Ionsaithe Ealaíona Bí ag faire amach!	Seoladh na hIrise
13.30 i.n.	Seisiún Scéalaíochta i Scoil Chaomhán le Máirín Mhic Lochlainn	Bronnadh Ghradam Phléaráca 2013
20.30 i.n.	Siamsóirí Sráide Mórshiúil ceoil & laindéir le daoine óga an oileáin	23.00 i.n. Siamsa na Leath Gealaí Ionad: Faoin aer Tigh Ned Ceol & Amhránaíocht: Éanna Mac Cába, Graham Wells, Tomoyo Sugai, Briocán Bairéad & Gearóid Ó Murchú
21.30 i.n.	Seoladh Oifigiúil na Féile Ionad: Áras Éanna Á sheoladh ag Seosamh Mac Donnacha	

Dé Sathairn 18 Bealtaine

I rith an lae	Taispeántas Ceardaíochta thar an deireadh seachtaine Ionad: Oifig Chleas	15.00 i.n. Seoladh Taispeántais Nuala Ní Fhlathúin Ionad: Áras Éanna Á sheoladh ag: Muireann Ní Dhroighneáin Ceol: Austin Durack
	Ionsaithe Ealaíona Bí ag faire amach!	
10.30 r.n.	Siúlóid Caomhnú Cladaigh le Eimear Ní Chualáin Ag fágáil ó Tigh Ned	18.00 i.n. Oíche an Bhéil Bheo: Inis Scéal Inis Oírr Ionad: Áras Éanna Bean an tí: Máire Uí Mhaoláin Cloisfear dánta, scéalta, seanchas agus cur síos ar chuid de charachtair an oileáin ó mhuintir na háite, i dteannta filí agus amhránaithe as Conamara.
12.00n.	Ceardlann Damhsa ar an sean-nós le Patricia Ní Fhátharta Ionad: Áras Éanna Táille: €8.00 Daoine fásta €5.00 Gasúir	21.30 i.n. Na Ceannabháin Bhána & Devane Ionad: Óstán Inis Oírr
13.30 i.n.	'Spraoi na gCleamairí' le Colm de Bhaldráithe Ionad: Áras Éanna Táille: €3.00 Ceardlann drumadóireachta do ghasúir bunscoile & meánscoile	22.30 i.n. Scannán Faoin Aer don chlann Ionad: Áras Éanna

Dé Domhnaigh 19 Bealtaine

10.00 r.n.	Siúlóid Chultúrtha (2 uair a chloig) le Caitlín Ní Chonghaile Ag fágáil ó Tigh Ned	14.00 i.n. I nDeireadh Báire Ionad: Tigh Ruairí Ceol: Austin Durack & Gearóid Ó Murchú
12.00n.	An 'Tiún sa Dún' Ionad: Caisleán Uí Bhriain Fear an tí: Micheál Ó hAlmhain	

Spraoi na gCleamairí

Dé Sathairn 18/05/13
ag 13.30 i.n.
Ceardlann drumadóireachta
agus feistis le Colm de
Bhaldraithe



Scéalaíocht le Máirín Mhic Lochlainn

i Scoil Chaomhán,
Dé hAoine
ag 13.00 i.n.



Oscailt na Féile

Is é **Seosamh Mac
Donnacha**, buaiteoir
Chomórtas Amhrán Nua-
Chumtha Oireachtas 2012,
a bheas ag seoladh Féile
Phléaráca ar an
Aoine ag 21.30 i.n.
in Áras Éanna



Siamsa na Leath Gealaí

Éanna Mac Cába ag ceol
le Graham Wells agus
Tomoyo Sugai
Tigh Ned,
Dé hAoine ag
23.00 i.n.

Amhráin agus Ceol - Gaelach agus Laidineach

Dé Domhnaigh 19/5/13
Tigh Ruairí ag 14.00 i.n.



Tá Austin Durack agus Gearóid Ó Murchú ag casadh ceoil le chéile ón gcéad uair a caitheamh le chéile iad i 1998 ar shiúlóid carthannachta san Aifric Theas. As Luimneach é Austin, sé ag cumadh agus ag casadh ceoil agus amhrán le fada an lá. Giotáraí den scoth é, a bhfuil go leor albaim taifeadta aige. Tá suim faoi leith aige sa gceol Laidineach. Bheadh aithne ag go leor daoine air ó na cláracha iontacha ceoil a bhíodh aige ar Clare FM.

Tá Gearóid Ó Murchú ina chónaí i gConamara agus tá aithne air go príomha mar amhránaí na bhFíréin. Tá neart amhráin cumtha ag Gearóid i stíleanna éagsúla thar na blianta, an comórtas amhrán sa bhféile Phan Cheilteach buaite aige agus go leor taifeadadh déanta aige go haonarach agus leis na Fíréin.

I measc an cheoil a bhéas le cloisteach ag ainm ó Austin agus Gearóid le linn na féile, beidh amhráin Laidineacha le liricí Gaeilge, amhráin thraidisiúnta Éireannacha agus ceol Spáinneach ar an ngiotár.

Na Ceannabháin Bhána & Devane

Dé Sathairn 18/05/13 ag 21.30 i.n.
Ionad: Óstán Inis Oírr



An Trá agus an tSíoraíocht

Seoladh Taispeántas Nuala Ní Fhlathúin
Dé Sathairn 18/5/13
Ionad Áras Éanna ag 15.00 i.n.
Á sheoladh ag Muireann Ní Dhroighneáin



Nuala Ní Fhlathúin



Muireann Ní Dhroighneáin

Ar an Satharn 18 Bealtaine ag 3i.n beidh an taispeántas An Trá agus an tSíoraíocht á sheoladh in Áras Éanna in Inis Oírr. Seo saothar nua leis an ealaíontóir Nuala ní Fhlathúin, sraith oibre a coimisiúnadh go speisialta d'Fhéile Phléaráca na bliana seo. Tarraingtíodh na grianghraif don taispeántas seo le linn trí thuras go h-Inis Oírr i 2013, agus sén túsphointe a bhí acu ná an gaol idir solas agus uisce, spéir agus talamh. Sa taispeántas in Áras Éanna beidh na céadta fómhá fite le chéile agus leagtha amach mar a bheadh cairpéad nó taipéis, iad curtha le chéile chun nua-phátrún teibí a chruthú.



Rugadh agus tógadh Nuala Ní Fhlathúin i Leitir Móir, i gCo na Gaillimhe. Bhain sí amach Céim Máistreachta in Ealaíon i Seattle i 2011 agus tá sí faoi láthair lonnaithe i mBaile na hAbhann i gConamara. Le cupla bliain anuas bhí a cuid saothair ealaíne ar taispeáint in Éirinn agus thar lear - sna Stáit Aontaithe, sa tSeoirsia agus sa bPortaingéil.

Siamsóirí Sráide

Dé hAoine ag 20.30 i.n.

Mórshiúil ceoil & laindéir ón trá chomh fada le Áras Éanna, le daltaí ó Scoil Chaomhán agus Coláiste Ghobnait.

Mar chuid den fhéile, cuirtear ealaíontóir ag obair leis na scoileanna sa gceantar. I mbliana rinne Rosaleen Ní Shúilleabháin ceardlann ag déanamh laindéir, agus is iad seo a bheas á iompar i rith an mórshiúil.



Ceardlann Damhsa ar an sean-nós


le Patricia Ní Fhátharta

Dé Satharn 18/05/13 ag 12n.
Ionad: Áras Éanna



Briocán Bairéad

ag amhránaíocht ar an sean-nós le linn na féile



An 'Tiún sa Dún'

Dé Domhnaigh ag 12n.

Fear an tí: Micheál Ó hAimhain

Cleas Teoranta

Caitlín Ní Chonghaile



Cleasathón Inis Oírr

Nuair a thosaigh Cleas i 2002 ní hé an leagan amach atá uirthi anois a bhí uirthi mar ba le gnónna beaga a bhunú faoin gClár Eacnamaíocht Sóisialta a bhí ag FÁS ag an am a bunaíodh í. D'imigh sin is tháinig seo agus faoi láthair, faoi Chlár Seirbhísí Pobail na heagraíochta Pobal agus na Roinne Leasa Shóisialaigh tá na gnónna beaga a bunaíodh ag an am sin fós againn chomh maith le cinn bheaga nuaí a thosaigh muid ó shin. Is iad na gnónna seo a chlúdaíonn costais riaracháin, cuntasáíochta agus seirbhísí nach n-íocann a mbealach féin.

Thosaigh muid Cleas Aistriú 10 mbliana go ham seo agus tá muid ag tornáil linn i gcónaí ag déanamh píosaí aistriúcháin anonn is anall.



An Siob

Faoi mbliain 2008 diabhal cairrín asail ar bith a bhí fanta san oileán seo le duine nó a gcuid mangarae a thabhairt anonn nó anall, is ní ag

chuile dhuine a bhí carr agus sin an fáth gur thosaigh muid *Síob an Phobail*. Ba bhus beag leictreach a raibh an Builín Bán tugtha mar leasainm uirthi a bhí againn an chéad bhliain sin, ach bhíodh a cuid deacrachtaí beaga féin aici sin, ag tabhairt faoina cnoic ar aon chaoi. Sin an fáth ar bhfuair muid bus díosal an bhliain dár gcionn, as airgead a bhí déanta as rudaí eile againn, agus tá an tseirbhís seo ann chuile lá den bhliain uileag ó shin ag freastal ar an mbád farantóireachta agus lastais agus ag tabhairt dream na háite agus corr fhámaire anonn is anall anseo in Inis Oírr.

Cúpla bliain ó shin thosaigh muid ag *Dréachtú & ag Cothabháil Áiteanna Poiblí* ag glanadh scráitheacha agus driseacha de chiumhaiseanna na mbóithre agus ag coinneáil cladaí, toibreacha, & róidíní glan agus is mór an slacht é seo ar an oileán.

Arú anuraidh thosaigh muid *Cleasathón-Inis Oírr* www.cleasathón-inisoirr.info - trí rás difríocht do choisithe. Téann an ceann 5k agus an ceann 10k thar radhairc ghleoite ar na bóithre agus is rás eachtraíochta 10k timpeall le ciumhais an oileáin é an tríú ceann, le píosa ar an duirling agus cuid ar an gcosán garbh a réitigh muid cúpla bliain ó shin. Is ócáid dheas bhliantúil ar Shatharn Cásca é seo anois agus tarraingíonn 200 duine isteach anseo a bhuíochas don chúnamh uileag a fhaigheann muid le maoirseacht agus beathú. Táimid féin fíorshásta leis mar go gcuidíonn sé leis an mbus a choinneáil ar an mbóthar agus tugann muid síntiús do Bhád Tarrthála Árann as.



Ciseáin & Fiúntas Feamainne

Deir na rannpháirtithe freisin go mbaineann siad an-sásamh go deo as idir bia, duaiseanna srl agus feiceann muid go leor den dream céanna ar ais ó bhliain go bliain.

Tá na seantraidisiúin *Caoladóireachta agus fíodóireachta* á gcoinneáil ag imeacht againn idir déanamh criosanna agus ábhar caoladóireachta ar nós cléibh, ciseáin agus rudaí níos nua-aimseartha.

Díolann muid na táirgí seo ar fad a dhéanann muid inár n-ionad díolacháin *Cleas Crafts*. Bíonn an siopa ceardaíochta seo oscailte an bhliain uileag agus tá criosanna, ábhar caoladóireachta agus adhmaadóireachta chomh maith le táirgí feamainne, faoin ainm *Fiúntas Feamainne*, gur féidir a ithe nó a chur cur sa bhfolcadán le ceannach ann. Díolann muid rudaí a dhéanann ceardaithe eile as an oileán chomh maith.

Roinneann muid eolas faoi logainmneacha agus stair an oileáin le fámairí a bhuaileann isteach sa siopa ceardaíochta chomh maith le go ndéanann muid *Siúlóidí Eolais*. Scaití eagraíonn muid ceardlanna sna scileanna traidisiúnta mar rud breise ar na siúlóidí eolais do scoileanna agus do ghrúpaí agus tugann muid eolas faoin oileán dóibh.

EOLAS TEAGMHÁLA:

Fón (Oifig): 099 75979
Fón (Siob): 087 2298039
R-phost: cleateo@gmail.com
Suíomh: www.cleas-teoranta.com
www.cleasathón-inisoirr.info



Tomás Ó hÍr & a Chomhpháirtí
Innealtóirí Próiseas & Déantúsaíocht

- Feabhsú caighdeán, táirgiúlacht & próiseais.
- Leagan amach áras déantúsaíochta & stórála.
- Sláinte & sábháilteacht san áit oibre.

Cill Bhriocáin,
Rosmuc,
Co. na Gaillimhe.

Fón: 046-9555885
087-2433627

www.toh.ie
info@toh.ie

Tigh Ned

Inis Oírr, Árann,
Co. na Gaillimhe

Lón 12 - 4 i.n.


Ceol traidisiúnta



Ní Fheicfidh Tú

Baoite

Mar bhaoite eile, tá rún ag an rialtas monarcha nua a thógáil i gConamara Láir. Cruthóidh sé seo 500 post thar tréimhse 500 bliain. Is ag déanamh sleánta a bheas an comhlacht nua seo, agus tá sé ar intinn na sleánta a stóráil nó go bhfásfaidh na portaigh arís. Ceaptar go dtógfaidh an éabhlóid sin 5000 bliain. Níor chuir an fhreasúra aon fháilte roimhe seo, agus níor cháin siad é ach oiread. Níl sé ráite an mbeidh na sleánta deiseal nó ciotach, rud a chuireann an-ímní ar mhuintir an cheantair.



An Gathering: Éire 2013

Níl fhios agamsa, agus b'fhéidir nach bhfuil fhios ag aon duine, cén ceann críonna a smaoinigh ar an rud seo a dtugtar an *Gathering* air. Is cinnte gur as Tír na nOllamh é. Cé eile ach duine an-léannta as Oileán na Naomh agus na nOllamh a chuimhneodh ar a leithéid de chruinniú. *Genius* ceart amach is amach.

Ar fhaitíos go mbeadh daoine ann nach cuimhin leo an uair dheireanach a raibh *Gathering* mar seo againn in Éirinn, ba mhaith an rud an *Gathering* deireanach sin a thabhairt chun cuimhne.

Ollamh Fódhla an t-ainm a bhí ar an bhfear a chuir an chéad *Gathering* ar bun.

Tharla an *Gathering* seo sa mbliain 560 AD nuair a bhí an Rí Éanna Mac Fheargaisce ina thaoiseach sa Dáil. Ba i dTeamhair na Rí a bhí an *Gathering* an bhliain sin. Bhailigh maithe agus móruaisle na hÉireann le chéile as chuile chearn den tír agus den domhan. Tháinig siad anoir agus aniar, aduaidh agus aneas, agus aniar aduaidh, agus bhailíodar le chéile ag Teamhair na Rí. Agus as na tíortha i bhfad i gcéin tháinig siad ina sluaite: as an Astráil as an Nua Shéalainn, as Ceanada, an tSeapáin, an Ind, an tSín, an Téalainn, an Íseal Tír....

Chuir an Rí an t-eitleán beag a bhí ag na Fir Bhoilg amach chuig chuile thír ar an domhan, ina raibh

aon Éireannach ann, agus thug sé ar ais iad gan pingin gan leathphingin. Agus bhailíodar san áit a raibh an chuid eile, agus bhí fleá agus féasta acu le chéile ar feadh bliain mhór fhada. Bhí gabhair á róstadh, agus mairt, agus caoire agus cearca agus lachain, lonta dubha, céirseacha, capaill, kebabs agus burgers. Agus nuair a ritheadar amach as ketchup thosaíodar féin ag ithe a chéile. Leis an gceol agus leis an bpléaráca, ithe agus ól, rinneadar uilig dearmad glan ar a gcuid trioblóidí, agus ar aon ímní dá raibh orthu riamh roimhe sin. Agus nuair a bhí a ndóthain ite agus ólta ag an slua, dúirt an Rí leo gurbh í an Ghaeilge ar an bhfocal *Gathering* ná bailiú; agus dúirt sé leo uilig a gcuid bronntanas a chruachadh ar bharr an chnoic i dTeamhair na Rí. Agus rinneadar sin go flaithiúil, gan casaoid, gan argóint. Agus nuair a bhí chuile phóca folamh agus chuile chloigeann tinn, ghlac an Rí buíochas leo, agus dúirt leo go bhféadfais dhul ar ais go dtí pé áit a dtáinig siad as.

Tháinig uail chaointe, agus olagóin ón slua, a bhí le cloisteáil ar fud na hEorpa, agus d'iarr siad ar an Rí an t-eitleán beag a chur ar fáil dóibh, le go mbeidís in ann filleadh ar na tíortha ina raibh siad ag saothrú a gcuid airgid. Ach dúirt an Rí leo nach raibh aon fhreagracht air féin córas taistil a chur ar fáil dóibh anois, mar go raibh an t-eitleán beag a thug abhaile iad curtha amach ar féarach aige. Mhol duine de shearbhónta an Rí dóibh Ryan Air

É Seo Sna Meáin!

a hireáil dóibh féin chun iad a thabhairt abhaile. Agus ghlac an slua leis seo go fonnmar.

Gheall an Rí dóibh go mbeadh *Gathering* eile ann amach anseo, agus go gcuirfeadh sé cuireadh amach nuair a d'fheilfeadh sé dó féin.

Nuair a chuaigh an Rí ar ais chuig an Dáil, chuir a chuid comhairleoirí in iúl dó go ndearna sé botún mór millteach. Go ndearna sé dearmad cuireadh a thabhairt chuig an n*Gathering* do na daoine deasa. Na daoine oilte siúd a chuaigh go dtí Oileán Geansa, Oileán Mhanainn, na hOileáin Cayman, agus oileáin bheaga eile nach bhfuil ar aon mhapa.

Na daoine cneasta sin, a chaith a saol go cráifeach, ag tabhairt airgid do chuile dhuine a bhí á iarraidh. Agus bhíodar chomh cn easta agus chomh naofa, go rabhadar lán sásta airgead a bhronnadh orthu féin.

Agus ghlac an Rí leis ansin, go ndearna sé botún, agus bhuaill sé a chliabhrach go trom lena dhá láimh, agus d'iarr sé maithiúnas orthu, mar go raibh fhios aige go raibh an rud a rinne sé maslach.

Agus ansin thosaigh sé ag pleanáil an chéad *Gathering* eile.

Uisce te gan móin

Mar tá fhios ag an saol Fódhla faoi seo, (a bhuíochas sin don idirlíon, facebook, twitter, &rl.) tá lorras Aithneach i bhfad siar. Scoite amach. Chomh fada siar is atá an bia sa bhfaocha.

Níor tháinig an biro chomh fada le I.A. go dtí bliain an 2000.

Tá muintir an cheantair ag baint mhóna leis na cianta.

Le gairid, (a bhuíochas sin don idirlíon, twitter, facebook &rl.) tá fhios ag an rialtas anois go bhfuil a leithéid d'áit ann.

Le scéal gearr a dhéanamh fada, tá stop curtha le baint na móna in lorras Aithneach. Ach, lena gcearta a thabhairt dóibh (don rialtas) agus mar go raibh daoine sásta gan aon mhóin a bhaint níos mó, thug siad *hot water bottle* amháin, saor in aisce, do chuile theaghlach sa gceantar álainn seo. Bhí lorras Aithneach buíoch.

Ach, arís, agus ní hé an chéad uair é, níor tugadh an t-eolas iomlán, ná na dintiúirí, ná na comharthaí sóirt, a théann leis an *hot water bottle* seo. Le bheith cruinn, níor oibrigh an buidéal te mar a bhí súil leis. Bhí an geimhreadh seo caite fuar. Ach ní dhearna an buidéal te maitheas dá laghad do mhuintir lorras Aithneach an geimhreadh sin. Bhíodar chomh préachta is bhí riamh, agus cuma an fhuacht ar chách.

San Earrach, nuair a bhog an aimsir, chuaigh toscaireacht ón gceantar chomh fada le urlár na Dála chun a míshástacht a chur in iúl, rud a rinneadar go glórach.

Tar éis díospóireacht fhada, a mhair nóiméad go leith, mhol an rialtas do mhuintir I.A. uisce te a chur sa mbuidéal agus go mbeadh chuile shórt ceart.

Agus bhí!



Pléaráca Teo.

Ionad Fiontair, Ros Muc, Co. na Gaillimhe

Forbairt Pobal Teanga Cultúr



Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
T: 091 503100
F: 091 503101

www.udaras.ie
eolas@udars.ie

Lean muid ar:

     **Údarás na Gaeltachta**

 **Cló Iar-Chonnacht**
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-593307 eolas@cic.ie www.cic.ie

CONAMARA AGUS BOSTON: TRIOCHA BLIAIN ANONN IS ANALL
Máirtín Ó Catháin


Mionléargas spéisiúil agus cuimsitheach ar phobal Chonamara i mBoston ina gclostar a slí maireachtála, cúrsaí inimirce, polaitíochta agus sóisialta le tríocha bliain anuas. Pléitear deacrachtaí na n-imirceach, luaitear laochra spóirt agus cultúir, mar aon le polaiteoirí agus coirpigh.



Rogha leathan leabhar agus CDs ar
www.cic.ie

T-Léinte, Cochaill, Léinte Polo, Seaicéid, Caipíní & tuilleadh
Síodchló, Bróidnéireacht & Priondáil Aon-Phíosai

Ag iarraidh T-LÉINTE priondáiile?
Coinnigh an gnó go háitiúil



T-Léinte ASF, An Spidéal, Co. na Gaillimhe, Éire
fón: 091-553343 ephost: tshirt@eircom.net idirlíon: www.t-shirt.ie.

Ceardlann oíche agus deireadh seachtaine d'fhir agus mná -
Peintéireacht, Caoladóireacht & Scríbhneoireacht
Chruthaitheach

le tacaíocht ó Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

Taispeántais Ealaíne de shaothar na gceardlann

Féile Phléaráca Chonamara - Féile bliantúil atá ar siúl ó 1991

CyberCaifé - An Caifé Cabach

Seirbhís Leabharlainne *le tacaíocht ó Leabharlann an Chontae*


Ionad Seirbhísí Teanga *le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta*

Seirbhís Oifige agus Eolais don Phobal

Clár Litríochta & Drámaíochta don Óige *le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta*

Campa Samhraidh *le tacaíocht ó an Roinn Ealaíon, Oidhreacht & Gaeltachta*

Eolas: 091-574021 / 574882
plearacateo@gmail.com
www.plearaca.ie



Mná le Chéile

Máire Uí Mhaoldáin

Cuireann Máire Ní Mhaolain síos ar an obair bhreá atá ar bun ag an ngrúpa seo ó 2006.

Bunaíodh an Grúpa Ceardaíochta & Cuilteála Mná le Chéile in Inis Oírr i 2006. Ag an am sin bhí seisear ball sa ngrúpa. Tosnaíodh le ceardlanna bhunúsacha chuilteála le Mary McCarty chun sampla de chuilt a dhéanamh. Fuair an Grúpa deontas d'acmhainní agus fearais ón gClár Forbartha Tuaithe tríd Comhrá na nAosach. Deontas de €4,345 a bhí ann agus cheannaigh an grúpa meaisíní fuála agus fearais eile.

I 2007 mhéadaigh an grúpa go hochtar ball. Reachtaíleadh an dara sraith ceardlann chuilteála le Mary McCarty. Bhí taispeántas freisin ó Frances Conroy ar an meaisín cuilteála lámh-fhada. Fritheadh deontas ón gClár Comhionannas do Mhná, Comhar na nOileán, don sraith seo agus tháinig Rags for Linda isteach chun éadach cuilteála a thaispeáint. Bhí an chéad taispeántas ábhar lámh-dhéanta ar an oileán i Mí Bealtaine na bliana sin.

I 2008 mhéadaigh an grúpa arís go dtí aon bhall déag. Eagraíodh an triú sraith ceardlann chuilteála chomh maith le ceardlanna in úsáid meaisíní fuála.

D'éirigh leis an ngrúpa roinnt deontas eile a tharraingt anuas chun cur lena gclár imeachtaí i rith an tréimhse. Le tacaíocht ón gCoiste Gairmoids, eagraíodh ceardlanna i gCathair na Mart chun obair Appliqué a dhéanamh agus tugadh cuairt ar ionad cuilteála ansin. Thug Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte deontas €750 chun taispeántas a chur san Ionad Sláinte nua i nInis Oírr.

Thug Údarás na Gaeltachta deontas €1,000 chun innill fuála breise a cheannacht. Eagraíodh féile chuilteála le haoi-chainteoirí i gcuilteáil meaisín, Stoirm Mara, lámh chuilteáil agus modhanna éagsúla eile.

Tá Fuáil an Domhnaigh tosnaíthe anois i Inis Oírr ó 2009. Tá an ceardlann seo oscailte d'aon duine a bhfuil suim acu freastal. Tá 20 ball sa ngrúpa ó 2010. Faoi láthair tagann Grúpa Cuilteála le chéile oíche Dé Luain ón 7-9 'chlog. Tagann Grúpa Cróiseála le chéile Dé Máirt ón 7-9 'chlog agus tá Fuáil an Domhnaigh ag dul ar aghaidh ón 2 - 4 chuile Dhomhnach.

Plean Oiliúna Mná le Chéile

Tá sé beartaithe an Traenálaí Mary Palmer a thabhairt isteach ar an oileán ar feadh dhá lá chun traenáil bhunúsach a chur ar chuid den ghrúpa le go mbeidh siad ag leibhéal chun an grúpa iomlán a thraenáil go cuimsitheach in úsáid an Innill Lámh-Fhada Gammill. Is obair sainspéise atá i gceist in úsáid an innill mór lámh-fhada seo atá in-ann cuilt mhór a láimhseáil. Go dtí seo bhíodh na cuilteanna dá gcur amach ar an mórthír chun críochnú a dhéanamh orthu agus bhí costas de €150 - €250 ar an meán ar chuile chuilt. Tá sé thar a bheith riachtanach an oiliúint seo a fháil chun go mbeidh an grúpa ag feidhmiú go h-éifeachtach agus ag baint an bhuntáiste is fearr as an inneall. Seo liosta de na cúrsaí traenála eile atá i gceist ag an ngrúpa a dhéanamh:

- Teastas sa gCeardaíocht/Ealaíon
- Cúrsaí Bunú do Ghnó féin
- Cúrsaí Margaíochta
- Cúrsaí Cuntasaíochta do mhion fhiontair pobail
- Forbairt Suíomh Idirlín
- Forbairt Comharchumann Oibrithe
- Rith Siopa Ceardaíochta
- Cúrsa Turasóireachta bunaithe ar cheardaíocht

I 2012 d'oscail an grúpa siopa ceardaíochta i seomra thíos gar don chéibh. Bhíodh sé oscailte chuile lá ón 1 go dtí an 4.30. Thóg na baill ar fad páirt ag rith an tsiopa. Tugadh cuireadh do cheardaithe eile a gcuid ábhar a dhíol sa siopa freisin. D'éirigh go h-iontach leis an siopa beag.

Tá polasaí ag Mná le Chéile, cuiltín beag a dhéanamh do chuile pháiste nua ar an oileán. I 2011-12, bhí ar an ngrúpa trí cinn déag de chuilteanna beaga a dhéanamh leis an méid páistí a rugadh thar an tréimhse sin. Tá pictiúr de dhuine dena páistí Ciara Ní Chongaile agus a cuiltín le feiceál anseo.



Ciara Ní Chongaile

Anuraidh freisin, thosaigh na cailíní óga ag tógáil páirt agus ag déanamh tograí beaga, málaí, cuisíní, clúdaigh do fóin póca agus Ipad. Sa phictiúr leis seo tá na cuilteálaithe óga; Caitlín Ní Fhlaithearta, Muireann Ní Fhlaithearta, Mary McCarty, Sinéad Ní Fhlaithearta agus Emer Ní Uallacháin.



Féile Ceardaíochta

Beidh Féile Ceardaíochta ar siúl in Inis Oírr ina mbeidh ceardlanna ar bun ón 24 - 26 Bealtaine. Beidh na ceardlanna seo a leanas ar siúl thar na deireadh seachtaine: Cnótáil Árainneach; Ceol; Obair Chloiche; Cuilteáil; Bróidnéireacht; Ceardlann Teicstíle; Sníomhachán; Ceirmeacht & Déanamh Ciseán agus go leor eile.

Tá an Fhéile seo dá heagrú go deonach. Tá sí mar aidhm ag an ócáid Bealach Ceirde Inis Oírr a chuir chun cinn tríd raon de scileanna agus táirgí lucht ceirde Inis Oírr a léiriú agus tríd an oileán a chur chun cinn mar áit gur féidir lámhcheardaíocht nó céardaíocht thraidisiúnta a fhoghlaim nó a cheannacht.

Tá athéirí náisiúnta ag tarlú i gceardaíocht & lámh-cheardaíocht thraidisiúnta. Tá cáil ar Oileáin Árann de bharr a dtraidisiúin agus a gcultúr. Mar sin tá deis ag Inis Oírr margaíocht a dhéanamh ar an oileán bunaithe ar an gcultúr sin. Tá sí mar aidhm an Fhéile seo a bheith ina féile neamh-thuilleamaíoch, bhliantúil amach anseo.

**Féile Ceardaíochta
Inis Oírr**

24 - 26 Bealtaine 2013

www.seoeinisoirr.com

Clár Litríochta & Drámaíochta 2012/13

Cuireadh tús le himeachtaí an chlár litríochta Mí Mheán Fómhair seo caite. Seo clár a mbíonn ceardlanna litríochta agus drámaíochta ar siúl i rith am scoile agus taobh amuigh d'am scoile. Cuireann an clár réimse leathan imeachtaí ar fáil.

Ó mhí Mheán Fómhair seo iad na ceardlanna a bhí ar siúl agus na scoileanna a bhí páirteach:

An Ciorcal Scríbhneoireachta:

Scoil Chuimsitheach Chiaráin, Coláiste Cholmcille agus Pobalscoil Charna.

Scríbhneoireacht sna Bunscoileanna:

Scoil Náisiúnta Leitir Mealláin, Scoil Mhuire Corr na Móna agus Scoil Bhriocáin, Ros Muc.

Club Léitheoireachta do dhéagóirí & Blag Liteartha idir Gaeltachtaí:

Coláiste Cholmcille, Indreabhán agus Coláiste Ghobnait, Inis Oírr.

(www.leabharthaléite.edublogs.com)

Drámaíocht sna Bunscoileanna:

Scoil Bhriocáin Ros Muc, Scoil Thír na Cille, Scoil na Maighdine Muire gan Smál Camus, Scoil na hAirde Móire, Scoil Bhaile Nua, Scoil Náisiúnta Chloch Bhreac agus Scoil Chaomháin Inis Oírr.

Léitheoireacht do ghasúir Bunscoile:

Turas Léitheoireachta Bheartla Broc, gasúir ar fud fad an cheantair páirteach.

Féile Litríochta do dhéagóirí, Fuint Focal:

Coláiste Chilllainn Cluain Dolcáin, Scoil Chuimsitheach Chiaráin agus Pobalscoil Ghaoth Dobhair.

I measc na n-áisitheoirí a bhí páirteach bhí i rith na bliana bhí Máire Holmes, Jackie Mac Donncha, Máirín Mhic Lochlainn, Neasa Ní Chuanaigh, Áine Uí Almhain Ailbhe Ní Ghearbhuigh agus aíonna eile ó am go chéile.

Tá ag éirí an-mhaith le himeachtaí an chlár agus an-éileamh orthu i gcónaí. Den chéad uair i mbliana bhí an Club Léitheoireachta páirteach i mBlag Liteartha idir Gaeltachtaí; páirteach freisin bhí Pobalscoil Chorca Dhuibhne agus Pobalscoil

Thoraí. Léann na scoileanna an leabhar céanna agus pléann siad an plota, carachtair agus chuile ní a bhaineann leis an leabhar ar an mblag.

Is in Ionad Cultúrtha, Áras Chrónáin i gCluain Dolcáin a bhí Fuint Focal na bliana seo ar siúl. Is deis iontach atá sa bhféile do scríbhneoirí óga theacht le chéile in áit chompordach le tabhairt faoi cheardlanna liteartha éagsúla agus casadh le scríbhneoirí aitheanta. Bhain gach duine a bhí páirteach, idir scoláirí agus áisitheoirí, an-sásamh as an deireadh seachtaine agus iad ar bís ag fanacht le Fuint Focal 2014 cheana féin!

Tá An Ciorcal ag dul ó neart go neart chuile bhliain. Arís i mbliana bhuaigh rannpháirtithe duaiseanna i gcomórtais liteartha an Oireachtas agus an Údaráis. Beidh muid ag foilsiú an cúigiú cnuasach scríbhneoireachta go luath le filíocht agus próis. Coinnigh súil amach dó!

'An chéad dúshlán don scríbhneoir ná an scáileán bán, an leathanach folamh gan focal air. Cad faoi a scríobhfas mé? Conas a chuirfidh mé tús leis? Cén abairt nó íomhá a ghreamóidh aird an léitheora? Tagann dúshlán eile ina dhiaidh sin: coinneáil ag imeacht, focal ar fhocal, ag cur is ag baint, ag athscríobh arís is arís eile, ag fáisceadh is ag fuint na bhfocal go dtí go mbíonn preab na beatha iontu.

Is iontach an cúnamh don scríbhneoir óg, más ea, páirt a ghlacadh i gceardlanna mar a chuirtear ar bun ag féile Fuint Focal, agus treoir, spreagadh is misneach a fháil ó dhaoine atá ag scríobh is ag cumadh le blianta anuas. Is féidir triail a bhaint as stíleanna agus ábhair dhifriúla; teicnící agus cleasanna beaga a fhoghlaim agus a chur ag obair in am an ghátair; éisteacht le tuairimí eile; an saothar a fheiceáil ag forbairt is ag feabhsú de réir a chéile.

Ní hamháin sin uile, ach is éard a fhógraíonn féile Fuint Focal do dhéagóirí ná go bhfuil tábhacht agus fiúntas le scríbhneoireacht as Gaeilge, agus go bhfuil fáilte is fiche roimh ghlúin nua scríbhneoirí inár measc – mar atá!

Anna Heussaff, a sheol Fuint Focal 2013.



Scribhneoireacht Chruthaitheach

Radharc

Shiúl mé síos liom féin ag an trá,
Bhí na h-éin ag eitilt agus an lá go breá.
Shuigh mé síos ar chloch mór glas
'S bhreathnaigh mé uaim ar an bhfarraige amach.

Chonaic mé currach ar ancaire sa gcuan
'S timpeall uirthi bhí cupla rón.
Ba radharc an-deas é ag féachaint orthu ag spraoi,
Bhí na cloigne san uisce ag dul os cionn agus faoi.

Bhreathnaigh mé tharam ar cúl mo chinn,
'S chonaic mé sean fhear agus a chloigeann faoi.
D'fhiafraigh mé de cén gnó a bhí aige don scian,
'S dúirt sé liom go raibh sé ag baint feamainn bhuí.

Sheas mé suas agus dhíriigh mé mo dhroim,
Dúirt mé leis an sean fhear,
"Tabhair scith go do dhroim".
Thóg sé mo chomhairle agus leag sé uaidh an scian,
Las é suas gail agus shuigh mé lena thaobh.

Tar éis comhrá fada ag scéalaíocht 's ag sarú,
Sheas an sean fhear suas agus meangadh air.
"Imigh leat suas anois a bhuachaill sula nglaofaidh
do mháthair.
Tá obair le déanamh agam agus níl mórán ama
fágtha".

D'fhág mé slán ag an sean fhear deas lách,
'S suas abhaile liom go sona, sámh.

Ciarán S. Ó Fátharta,
Coláiste CholmCille

An Réalt

Is liomsa an réalt, an réalt beag bán
Suas suas, ós cionn mo cheann
Is é mo cheann, an ceann is fearr
Téigheann mé amach san oíche agus
bíonn sí ann
Os cionn mo cheann
Suas suas, os cionn mo cheann
Tá sé ann, is liomsa an réalt beag bán

Aisling Bhreathnach,
Scoil Bhriocáin

Scoil

Shiúl an bhean ar an trá,
A súile móra lán le grá
Ag breathnú síos ar an gcailín óg
Ag cur uirthu péire bróg

Cailín beag ag tusú scoil
Ritheadh síos an bóthar gan aon mhoill
Meangadh gáire, ag rá slán
Lena máthair, lena clan

Críochní bunscoil, rang a sé
Cairde scoile ag gáire lei
Pacail mála ag deireadh an lae,
Sa bhaile in am don tae

Ardteist críochnaithe, bliain a sé
Cheithre B, sé cinn do A
Coláiste sa bhFómhar, GMIT
An Samhradh, an ghrian,
chun a bheith buí.

Míde Nic Fhionnlaoich,
Scoil Chuimsitheach Chiaráin.

Ag lascaireacht

Thíos ar an trá,
Lá deas a bhí ann
Bhí mé ag iarraidh iasc a fháil
D'ith mé mo lón
'is thit mo fón
Is ní raibh mé inann glaoch abhaile.

Thit mé as mo bhád
Bhí orm dul ag snámh
Bhí mé baitigh nuair a chuaigh mé
abhaile

Chuaigh mé síos ar an trá,
Ag cuartú mo bhád.
Ach bhí sí tógtha ag an gcouncil

Cian Ó Niaidh,
Scoil Bhriocáin.

Christchurch

Christchurch

Meta Uí Mháille

Tharla dhá chrith talún i Christchurch na Nua Shéalainne i 2010 agus 2011. Bhí Meta Uí Mháille ar cuairt ar an gcathair mí Eanáir seo caite agus tá cur síos anseo aici ar an scrios a déanadh san áit.

Bhí Christchurch sa Nua Shéalainn go mór sa nuacht cúpla bliain ó shin de bharr an an dá chrith talúna a tharla ansin i 2010 agus arís i 2011. Maraíodh 185 duine, gan caint ar an damáiste atá déanta do fhoirgnimh, don infrastruchtúr agus do shlí mhaireachtála an phobail. Cé gur cheap mé fhéin agus an dream a bhí liom ar an turas a thug muid go Christchurch i mí Eanáir go mbeadh cuid mhaith damáiste le feiceáil fós de bharr na crith talúna, níor thuig muid go raibh an damáiste chomh mór ná chomh forleathan is atá. Ná ní raibh fhios againn ach oiread go raibh 1,200 crith ansin ó shin, cuid acu sin a bhí láidir go maith freisin, ach níor chuir na meáin aon suim iontu. Tá a leithéid ag tarlú in áiteacha eile ar fud an domhain, ach go dtí go bhfeiceann tú le do shúile féin an áit agus an damáiste, tá sé deacair a shamhlú ná a thuiscint cén tionchar a bhíonn aige ar phobal na h-áite, ar a slí mhaireachtála agus ar an eacnamaíocht.

I dtús Meán Fómhair 2010 ag a 4.35 ar maidin a bhuail an chéad chrith a bhí 7.1 ar Scála Richter. Tá áirse ar an mbealach isteach sa gcathair ar a bhfuil clog. Stop an clog ag an am ar bhuail an chrith agus tá sé sin le feiceáil i gconaí. Cé go raibh an chéad chrith níos láidre ná an ceann a tharla mí Feabhra 2011, ní dhearna sé an oiread damáiste agus a rinne an dara ceann, agus bhí súil go mbeadh siad in ann cuid de na foirgneamh stairiúla a shábháil. Bhí scéal difriúil ann nuair a bhuail an dara crith a bhí 6.3 ar an scála. Tharla sé seo ag a 12.51 i.n. agus bhí daoine ag obair, bhí siopaí oscailte agus an chathair gnóthach. Gortaíodh go leor daoine ach is miorúilt é nar maraíodh níos mó.



Ceann de na foirgnimh a bhfuil damáiste déanta dhó i Christchurch, Nua Shéalainn

Céad ochtú cúig ar fad a maraíodh, céad agus chúig dhuine dhéag acu sin i bhfoirgneamh amháin, san Canterbury Television Station (CTV). Sa bhfoirgnimh seo freisin, bhí Clinic Sláinte agus Ionad Léinn do mhicléinn a bhí ag foghlaim Béarla. Ba as an tSeapeáin naoi nduine dhéag den dream a maraíodh. Bhí beirt Éireannach i measc na marbh chomh maith le daoine as tíortha eile. Chuaigh an fhoirgneamh trí thine agus ní bhfuair said deis éalú. San áit ar maraíodh iad tá pictiúir dóibh crochta ansin agus fágann daoine bláthanna ann chuile lá. Tá an fhoirgneamh féin leagtha anois agus ar an suíomh tá cathaoireacha bána, áit a bhfeiceann tú daoine ina suí, ag guí, ag machnamh agus ag leagan bláthanna, gaolta is cairde agus turasóirí freisin. Eagraíodh searmanas i gcuimhne an dream a maraíodh i Hagley Park i 2012. Bhí fiche míle duine i láthair. Scaoileadh 185 féiliceán san aer i gcuimhne an 185 duine a bhásaigh sa tubaiste.

Ní sa chathair amháin a déanadh damáiste. Déanadh damáiste mór sna bruach bhailte agus sna bailte sléibhe atá na mílte as an gcathair. Is dócha mar gurb é Christchurch lár ionad tráchtála is gnó an réigiúin gur air is mó a bhí na ceamaraí telifíse dírithe, go mór mór an ar an bhfoirgneamh ba mhó cáil, an Ard-Eaglais Anglacánach Christchurch a dtugadh 300,000 turasóir cuairt air gach bliain. Tá sé



An Red Zone i lár na cathrach

seo anois ar cheann de na foirgnimh stairiúla atá le leagan.

Déanadh damáiste de shéipéil agus d'fhoirgnimh stairiúla eile chomh maith, Ard-Eaglais Chaitliceach na Sacraminte Naofa ina measc. Déanadh damáiste den óstán cáiliúil chúig réalt Hotel Grand Chancellor a bhí 26 stór ar airde. Théis na crith talúna bhí claonadh ós cionn trí troithe san óstán agus bhí imní mhór go dtiteadh sé sul dá mbeadh deis treallamh a thabhairt isteach chun cosaint a tabhairt dó nó go leagfaí é. Tá sé sin leagtha anois. Tá an Isaac Theatre Royale le leagan. Amharclann a bhí ansin le céad agus

trí bliana. Containers atá líonta le coinceáil atá ag coinneáil an méid atá fágtha de na ballaí suas.

Bhí muid ag ceapadh ceart go leor nuair a chuaigh muid isteach chun na cathrach go mbeadh roinnt mhaith damáiste ann ach ní raibh muid ag súil nach mbeadh an chathair ann. Tá ráillí cosanta curtha suas timpeall an chuid is mó den chathair atá contóirteach, an *red zone* mar a thugtar air, agus níl cead isteach anseo.

Tá cuid mhaith de na foirgnimh sa zón dearg leagtha agus tá cuid eile a bheidh siad in ann a dhéanamh suas ach ní mórán é. Tá foirgnimh ar bhruach na cathrach taobh amuigh den zón dearg a déanadh damáiste dóibh agus a bhfuil obair le déanamh orthu, ach atá sábháilte agus atá oscailte, cosúil leis an Músaem, an Ollscoil agus oifigí Rialtais. Tá droichid gar don chathair dúnta mar go bhfuil damáiste déanta dóibh.

Taobh amuigh dena foirgnimh gnó agus poiblí, déanadh damáiste de thart ar 100,000 teach conaí, ceaptar gur thart ar 10,000 a chaithfear a leagan agus a athógáil. Suas le



Taisceadán ag coinneáil suas balla



Lorg an chrith ar fhoirgnimh i lár na cathrach

dhá mhíle dhéag ó Christchurch, ar an gcosta tá Sumner, baile turasóireachta. Rinne an chrith talún damáiste mór de na bailte a bhí ar thaobh cnoic sa gceantar seo. D'imigh go leor den cnoc nuair a bhuail an chrith é, ach bhí fógra faighte ag daoine an áit a fhágáil tar éis an chéad chrith. Maraíodh beirt a bhí ag siúl sna sléibhte. Bhí mé ag caint le beirt mhná as an gceantar agus bhí said a rá gur chaith siad oíche is lá ag éisteacht le carraigeacha is clocha ag titim le fána. Tá containers lastais líonta le coinceáil curtha ar thaobh an bhóthair ar feadh na mílte bealaigh sa gceantar sep le clocha nó aon rud eile a thiteadh a stopadh. D'imigh ballaí tithe le fána an chnoic. Tá rataí, píopaí agus cáblaí le feiceáil ag crochadh anuas as an gcuid den díon ar thithe nar thit. Tá said chomh fada amach ar imeall an cnoic anois nach dtógfadh sé ach siota gaoth an chuid eile a chur le fána.

Cé go gcreideann go leor do na daoine a raibh muid ag caint leo go bhfuil crith mhór eile fós le theacht sul a socróidh rudaí síos, tá siad ag brú ar aghaidh agus tá said ag tosú as a nua arís. Tá said díomach nach bhfuil an obair ar lár na cathrach ag dul ar aghaidh níos scioptha, níl mórán ó thaobh aththógála le feiceáil ansin ach tá inneallra ag obair go síoraí seasta ag leagan is ag meilt na mballaí atá siad a leagan. Bhí mé ag caint le fear atá ag rith turais bus óna oifig beag ar thaobh na sráide, bord agus stól. Bhí sé ag insint dom go raibh gnó turasóireachta aige agus foireann oibre. Ní amháin gur scrios an chrith talún an foirgneamh ina raibh an oifig agus gach a raibh ann ach chaill sé a theach conaí sa gcrith freisin. Bhí sé rá taréis na crith talúna go raibh daoine gnóthach ag breathnú amach dá chéile agus ag tabhairt cúnamh leis an nglanadh suas, nár bhuail sé ceart iad ag an am. Ach ina dhiaidh sin bhí lag mhisneach ar go leor a dúirt sé, ach ní raibh aon bhlas le déanamh ach bogadh ar aghaidh agus tosnú arís.

Quake City - an chathair is nua ar domhan

Mar a bhí mé a rá, tá na céadta containers in úsáid i chuile áit, tá an chathair is nua sa domhan tógtha i Christchurch as containers, Quake City a thugann siad air. Tá sé seo ar Cashel Street, áit a bhfuil an chuid is mó de na foirgnimh leagtha anois. Tá chuile chineál gnó dá rith as na containers anseo. Tá siad socraithe go deas le taobh a chéile agus ós



Droichead le scoilt



Quake City

cionn a chéile. Tá fuinneoga is doirse curtha orthu agus iad feistithe amach go deas. Tá cosáin agus bláthanna thart orthu agus boird agus áit suite taobh amuigh.

Sí an chathair bheag seo anois lár ionad gnó Christchurch. Tá dhá bhanc oscailte ann, bialanna, síopaí éadaí is faisean, cógaslann, siopa leabhar, naíolann, leithris poiblí srl. Tá tarraingt chuile dhuine anseo, go mór mór turasóirí mar gur beag áit eile a bhfuil tú in ann cupán tae a fháil. Bíonn ceol agus seóanna sráide ar siúl anseo i rith an lae agus bailítear airgead le cur leis an gciste aththógála. Bhí tionscail mhór turasóireachta i Christchurch ach taréis na crith talún, tháinig deireadh ar fad beagnach leis an turasóireacht. Tá súil acu go dtiocfadh athrú ar sin, mar tá said ag brath air.

Tá pobal Éireannach i Christchurch, dream a chuaigh amach i dtús na seascaidí den chuid is mó. Sna seascaidí bhí an eacnamaíocht i bhfad níos fearr sa Nua Shealainn ná mar a

bhí san Astráil. Cé go bhfuil roinnt Éireannaigh óga ag dul amach le gairid, chuirfeadh sé iontas ort nach bhfuil níos mó, go mór mór anois agus iad ag cuartú lucht ceirde.. Tá fógraí i chuile áit go bhfuil 20,000 lucht ceirde ag teastáil le dhul ag obair ar aththógáil Christchurch. Tógfaidh an obair ceaptar suas le chúig bhliana déag. Bhí súil acu le go leor lucht ceirde as Éirinn is cosúil ach ní mórán a thug a n'aghaidh ansin, cé go raibh ardú beag ar an méid Éireannach a chuir isteach ar visas ag teacht suas do deiridh na bliana 2012. B'fhéidir go bhfuil tada le déanamh ag luach an dollar nó le cúrsaí pá leis an scéal.

Tá Christchurch agus ceantar Canterbury fíor álainn agus cosúil le hÉirinn ar go leor bealaí. Tá an costas maireachtála íseal. Rud amháin suntasach, de bharr an damáiste a rinneadh tá ganntan tithe is árasáin, tá praghas tithe ardaithe go mór.



Buaiteoirí Gradam an Phléaráca



Grúpa le Bob Quinn, Hail Gaffney, Seán, John Carlin & Seán Ó Malacháin

- 1994 Pádraic Tom Photch Ó Ceannabháin
- 1995 Máirtín Tom Sheáinín Mac Donnacha
- 1996 Máire Bn. Uí Chonaola
- 1997 Máirín & Joe Steve Ó Neachtain
- 1998 Micheál Mháire Ghabha Ó Ceannabháin
- 1999 Tom a' tSeoighe
- 2000 Breandán Ó Tuairisg
- 2001 Máire Welby
- 2002 Johnny Phádraig Pheter Connolly
- 2003 Tomás Mac Eoin
- 2004 Séamas Ó Cualáin
- 2005 Coiste Choláiste Chuimhneacháin an Phiarsaigh
- 2006 Eddie Bheartla Ó Conghaile
- 2007 Treasa Ní Mhiolláin
- 2008 Sonaf Choilm Learaí Ó Conghaile
- 2009 Ord Malta Inis Meáin
- 2010 Risteard Mac Aodha
- 2011 John Bhaba Jeaic Ó Confhaola
- 2012 Coiste Ionad Pobail Leitir Móir

